



Uirlis Athmhachnaimh le haghaidh Athbhreithniú ar Chonairí Ionchuimsitheacha

Cuspóir: Cuidiú le hathbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a thacaíonn cláir threorach agus pleananna Treorach na Scoile Uile (TSU) le rochtain chuimsitheach, chothrom ar chonairí éagsúla do gach scoláire.

Céim 1: Léargas ar an gCleachtas Reatha

Le comhlánú mar fhoireann nó i d'aonar. Cuir tic nó déan cur síos gairid ar láidreachtaí reatha.

Réimse	Ceisteanna Treoracha	Cleachtas Reatha (Samplaí nó Tuairimí)
Infheictheacht Conairí	An bhfuil gach scoláire ar an eolas faoi réimse iomlán na roghanna iarscoile (m.sh. Breis Oideachais & Oiliúna, Ardoideachas, printíseachtaí, obair, briseadh bliana...)?	
Cuimsitheacht na hIonadaíochta	An bhfuil eiseamláirí, alumni nó aíonna ó chúlra agus ó chonairí éagsúla san áireamh i dtreoir na scoile uile?	
Rochtain ar Eispéireas	An bhfuil rochtain chothrom ag gach scoláire ar imeachtaí gairme, ar thaithí oibre na hIdirbhliana nó ar rannpháirtíocht le fostóirí?	



Uirlisí digiteacha in úsáid	Cén réimse uirlisí/ardáin dhigiteacha a úsáideann scoláirí chun conairí a iniúchadh?	
Litearthacht agus Uimhearthacht	Cén chaoi a ndéantar litearthacht agus uimhearthacht a chomhtháthú i bhfoghlaim na treorach?	
Guth an Scoláire	Cén chaoi a mbailítear aiseolas scoláirí ar oideachas maidir le conairí agus conas a úsáidtear é chun bonn eolais a chur faoi phleanáil TSU?	
Scileanna an 21ú hAois	Cén chaoi a gcabhraítear le scoláirí go gníomhach a gcuid scileanna féin sa 21ú haois a aithint agus machnamh a dhéanamh orthu—agus na scileanna sin a nascadh lena spriocanna agus lena roghanna dul chun cinn sa todhchaí?	

Céim 2: Treoir Chuimsitheach: Machnamh a dhéanamh ar Eispéiris Scoláirí

Déan rátáil ghearr ar cé chomh maith agus a thacaíonn do chlár treorach reatha/do phlean TSU le scoláirí ó na grúpaí seo. Úsáid an scála (m.sh. 1 = Ní go maith; 5 = An-mhaith nó N/Bh). Cuir nótaí gearra san áireamh nuair is cuí. Cuir grúpaí eile san áireamh de réir mar is infheidhme.

Grúpa Scoláirí	Rátáil Tacaíochta (1–5) nó N/Bh	Nótaí (Bacainní, Láidreachtaí, nó Deiseanna)
Scoláirí le Béarla mar theanga bhreise		



Scoláirí le RSO/RBO		
Scoláirí ardghnóthachtála faoi bhrú		
Éagsúil ó thaobh an chultúir de		
Scoláirí in ATF		
Scoláirí a bhíonn ag gabháil do Chláir Foghlama L1/L2		
Scoláirí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch		
Luathfhágálaithe scoile / scoláirí i mbaol		

Céim 3: Deiseanna don Scoil Uile

Deiseanna a aithint chun treoir chuimsitheach a dhaingniú ar fud na scoile i gcoitinne.

Réimse	Deis don Chuimsitheacht	Gníomh nó Comhoibriú Féideartha
Comhtháthú Ábhair		
Rannpháirtíocht Tuismitheora/Chaomhnóra		
Rannpháirtíocht an Phobail		
Ceannaireacht i measc Scoláirí		



Pleanáil na Sraithe Sóisearaí		
Pleanáil na hIdirbhliana		
Pleanáil na Sraithe Sinsearaí		

Céim 4: Socrú Tosaíochta agus Pleanáil Gníomhaíochta

Chabhródh na céimeanna seo a leanas le do phleanáil gníomhaíochta.

Fiafraigh. Sainaithin réimse tosaíochta. Roghnaigh fócas soiléir amháin (m.sh. ullmhú le haghaidh taithí oibre, feasacht ar chonairí dul chun cinn...) ó fhianaise agus ó thaithí (aiseolas scoláirí, ionchur tuismitheoirí, aiseolas foirne...).

(m.sh. Feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis phrintíseachta do scoláirí na hIdirbhliana)

Plean. Socraigh spriocanna soiléire. Sainmhínigh sprioc amháin nó dhó SICRU, m.sh. "Feasacht na scoláirí ar phrintíseacht a mhéadú trí cheardlann do gach scoláire Idirbhliana faoi mhí an Mhárta.

(m.sh. Óstáil imeacht dírithe ar phrintíseacht faoi mhí an Mhárta a chuimsíonn aoichainteoirí agus fíor-shonraíochtaí poist)



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Déan. Déan gníomh beag fiúntach. Pleanáil gníomhartha beaga, soláimhsithe atá nasctha leis an sprioc. Sann róil (cé a dhéanann cad é agus cén uair).

(m.sh. Comhordaitheoir na hIdirbhliana agus Treoirchomhairleoir chun comhphleanáil; cuireadh a thabhairt d'ionadaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí; Laochra Tógála agus printíseachtaí a úsáid.ie Scéalta Rathúla)

Athbhreithniú agus Machnamh: Gach téarma (nó tar éis na gníomhartha a chur i gcrích):

- Seiceáil cad é atá ag oibriú.
- Bailigh aiseolas tapa ó scoláirí, baill foirne nó tuismitheoirí.
- Déan cinneadh cad é atá le coigeartú nó cad é an chéad rud eile le tógáil air.
- Nótaí simplí a choinneáil chun gníomhartha agus foghlaim a rianú.

(m.sh. Aiseolas scoláirí, spéis mhéadaithe in iarratais BO&O)